



COMIISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAIR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	2	CUNTAIS INIÚCHTA	19
Réamhrá	3	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	20
An Bord, coistí agus fochoistí	4	Clár Comhardaithe	21
Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán	5	Ráiteas Sreabhadh Airgid	22
Fochoistí	5		
<i>Fochoiste um athbhreithniú ar an stoc leabhar</i>	5	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	23
An Fhoireann	5	1. Beartais Chuntasafóchta	23
Seirbhísí	5	1.1. Bunús an ullmhúcháin	23
<i>Seirbhís mar chomhiomlánóir náisiúnta — Europeana</i>	6	1.2. Ioncam	23
<i>'Eagraín Dhigiteacha' an Choimisiúin</i>	7	1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímbhas	23
Foilseacháin	7	1.4. Stoc	23
<i>Carlann Clements</i>	7	1.5. Pinsin	23
<i>Carlann Conolly</i>	8	1.6. Cánachas	23
<i>Féilire na Stát-Pháipéar, Éire, an tréimhse Thúdarach, 1568–1571</i>	8	1.7. Deontais Rialtais	23
Lainseálacha	9	2. Ioncam	23
Airgeadas	9	3. Deontais na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	23
		4. Barrachas don bhliain	24
EOLAS MAIDIR LEIS AN gCUIDEACHTA	10	5. Fostaithe	24
		6. Costais phinsin	24
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	12	7. Sócmhainní inláimhsithe	24
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú ar an ngnó agus forbairt sa todhchaí	13	8. Stoic	24
Príomhghníomhaíochtaí	13	9. Féichiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain	25
Athbhreithniú ar an ngnó	13	10. Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain	25
Forbairt sa todhchaí	13	11. Ioncam iarchurtha	25
Torthaí	13	12. Cúlchistí Cothromais	25
Staid Gnóthaí	14	13. Réiteach ar ghluaiseachtaí i gcistí	25
Stiúrthóirí agus a gcuid Leasanna	14	14. Idirbhearta páirtithe gaolmhara	26
Ranníocaíochtaí Polaitiúla	14	15. Máthairghnóthas deiridh	26
Freagrachtaí na Stiúrthóirí	14	16. Faomhadh na ráiteas airgeadais	26
Leabhair Chuntais	14	TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ÉIFEACHTACHT FUINNIMH	26
Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí	15	Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010	26
Iníúcháirí	15	Feidhmíocht fuinnimh	26
TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉÁCHA	16		
Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iníúcháirí faoi seach	17		
Bunús na tuairime	18		
Tuairim	18		

Tuarascáil an Chathaoirligh

Réamhrá

Ionchorpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), arna bhunú i 1928 ag W.T.Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.

Le linn 2010, baineadh tuilleadh cuspóirí straitéiseacha amach a bhí i bPlean Forbartha Straitéisí an Choimisiúin 2008-2011. Ina measc foilsíodh catalóg lándaite 2010-2011 d'fhoilseacháin an Choimisiúin; tháinig méadú mór ar líon na dtograí foilsitheoireachta a tháinig os comhair an Choimisiúin; rinneadh athdhearadh ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin (<http://www.irishmanuscripts.ie>) agus ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil ar an láithreán; cuireadh tionscadal scoipe i gcrích chun meastachán a thabhairt ar na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun foilseacháin an Choimisiúin a dhigitíú (rinneadh an tástáil ar imleabhar a roghnaíodh ó na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte), agus foilsíodh i bhfoirm dhigiteach ar an láithreán Gréasáin dhá fhoilseachán níos luaithe ná sin de chuid an Choimisiúin: Innéacs topagrafach de pharóistí agus de bhailte fearainn na hÉireann, arna chur in eagar ag Y.M. Goblet (1932), agus litreacha Tanner, arna gcur in eagar ag Charles McNeill (1943) (féach thíos faoi eagraíin dhigiteacha an Choimisiúin).


Cuireadh dréacht-chinn den bhille maidir leis an gcónascadh a bhí beartaithe ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus ar an gCartlann Náisiúnta le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar fáil le trácht air ag tús na bliana 2010. Agus mé ag tabhairt freagra thar ceann an Choimisiúin, bhí fonn orm béim a leagan ar chomh mór is a bhí an Coimisiún ag iarraidh cúnaimh a thabhairt don Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go dtí Márta 2010) agus í ag féachaint leis na struchtúir rialachais iomchuí a shocrú don Choimisiún, don Chartlann Náisiúnta agus do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Leag mé béim ar cé chomh tiomanta is a bhí an Coimisiún a shainchúram a choinneáil agus an t-aitheantas atá aige mar fhoilsitheoir agus mar chomhairleoir, chomh maith leis an tsoirse atá aige a ghnó féin a bhainistiú agus a dhéanamh faoi réir na ngnáth-cheanglas tuairiscithe sin a éilítear le dea-nósanna imeachta rialachais.

Ar iarratas ón Roinn Ealaíon, Turasóireachta agus Spóirt, chuir an Coimisiún na struchtúir agus na seirbhísí teicniúla i bhfeidhm a theastaíonn le bheith mar chomhiomlánóir náisiúnta d'institiúidí inneachair chultúrtha do Europeana, tairseach oidhreachta cultúrtha an Aontais Eorpaigh (www.europeana.eu). Chuaigh an chéad inneachar a cuireadh ar fáil tríd an tseirbhís seo beo i mí Lúnasa 2010. Déantar cur síos air sin sa rannán *Seirbhísí thíos (Seirbhísí mar chomhiomlánóir náisiúnta - Europeana)*.

I mí Mheán Fómhair 2010, rinne an Chomhairle Leabharlanna óstáil ar sheimineár lae ar an inneachar Éireannach atá ar Europeana, lena bhfuil baint ag an gcomhairle agus a cuid comhaltaí tríd an obair a dhéanann siad ar an tionscadal EuropeanaLocal. Tugadh deis ag an gcuinníú, a bhí ar siúl i Farmleigh an 14 Meán Fómhair, do chomhlachtaí poiblí ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, na bailiúcháin dhigitithe atá acu a chur ar taispeáint agus fáil amach faoin gcumas atá ag Europeana trácht a mhealladh chuig a láithreáin ghréasáin agus an tslí a bhfuiltear in ann teacht ar a gcuid bailiúchán a fheabhsú. Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley, T.D., a chuir tús leis an gcuinníú agus bhronn mé cóip de *Reconstructing Ireland's past A history of the Irish Manuscripts Commission*, air. Is comhaltaí de chuid an Choimisiúin, Michael Kennedy agus Deirdre McMahon, a scríobh an leabhar.

Den tríú bliain as a chéile, bhí Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann rannpháirteach san Oíche Chultúir. Le linn tráthnóna an 24 Meán Fómhair thug





(clé go deas) An tUrramach Ian Paisley, Tiarna Bannside, Chris Flynn (Roinn Turasóireachta, Cultúr agus Spóirt), Banbharún Paisley Naomh George, Mary Hanafin, T.D., an tAire, Turasóireachta, Cultúr agus Spóirt.

comhaltaí an Choimisiúin an tOllamh Mary O'Dowd agus an tOllamh James Kelly cur i láthair ciosamhaire gairid faoi obair an Choimisiúin ó bunaíodh é i 1928 agus an tábhacht atá le foinsí lámhscríbhinne na hÉireann atá caomhnaithe i gcartlanna agus i stórtha in Éirinn agus thar lear. Bhí rogha de 170 foilseachán agus 41 eagrán de shraithreachán an CAÉ, Analecta Hibernica, ar taispeáint do chuirteoirí. Tá an Oíche Chultúir leagtha amach chun feasacht a chur chun cinn maidir le hinstiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann agus ar an mbunús sin rinneadh tuilleadh dul chun cinn arís in 2010 ar an ionad in Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean mar ionad den scoth: thug 770 duine (20 níos mó ná 2009) cuairt ar 45 Cearnóg Mhuirfean idir 5 i.n. agus 11 i.n. chun an méid a bhí ar siúl ar Oíche Chultúir Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus Chartlann Ailtireachta na hÉireann a fheiceáil.

Nuair a thug siad cuairt ar Bhaile Átha Cliath i Meitheamh 2010 tugadh cóip d'fhoilseachán an Choimisiúin don Urramach Ian Paisley, Tiarna Bannside, agus do Bhanbharún Paisley Naomh George *World War I and the Question of Ulster*: an comhfhreagras a bhí idir Lilian agus Wilfrid Spender. Is í an tAire Turasóireachta, Cultúr agus Spóirt, Mary Hanafin, T.D., a rinne an bronnadh. Ba é Wilfrid Spender a leag an bhunchloch do státseirbhís Thuaisceart Éireann sna 1920í.

An Bord, coistí agus fochoistí

Is ón bpobal acadúil agus ó instiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann a tharraingítear ballraíocht an Choimisiúin agus go hiondúil maireann ballraíocht ar feadh téarma cúig bliana; tá 21 comhalta/stiúrthóir ar an iomlán ag an gCoimisiún. Ag tús 2010 bhí 16 comhalta/stiúrthóir ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Nuair a tháinig deireadh le téarma oifige Aongus Mhic Aonghusa mar Stiúrthóir ar an Leabharlann Náisiúnta an 15 Eanáir 2010, tháinig deireadh freisin lena cheapachán *ex officio* mar chomhalta den Choimisiún, rud a d'fhág 15 comhalta/stiúrthóirí. I mí an Mhárta 2010 ceapadh seisear comhaltaí nua ar feadh téarma trí bliana nó go dtí go ndéanfar an cónascadh atá beartaithe ar an gCoimisiún, ar an gCartlann Náisiúnta agus ar an Leabharlann Náisiúnta, cibé acu is túisce: Fiona Ross, Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta; Aileen McClintock, Stiúrthóir agus Leas-Choimeádaí na dTaifead, Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Dáibhí Ó Cróinín, OÉ Gaillimh; Donal Moore, Cartlanna Chathair Phort Láirge; agus Greta Jones, Ollscoil Uladh.

Ag deireadh 2010, bhí an 21 comhalta seo a leanas ar bhord an Choimisiúin: James McGuire (Cathaoirleach); Maurice Bric, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Instiúid Moore, OÉ Gaillimh; David Craig, Stiúrthóir, an Chartlann Náisiúnta; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Turasóireachta, Cultúr agus Spóirt; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid ar Bheartas Eachtrach, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Instiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Aileen McClintock, Stiúrthóir agus Leas-Choimeádaí na dTaifead, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Donal Moore, Cartlanna Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, OÉ, Má Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, OÉ, Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Fiona Ross, Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta.

Is comhaltaí oinigh den Choimisiún iad na daoine seo a leanas: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

I mí na Samhna 2007 tháinig deireadh le téarma bhord na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta agus cé gur ainmníodh roinnt comhaltaí nua go luath in 2008, ní raibh an cathaoirleach ná an bord nua ceaptha fós faoi dheireadh 2010. Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní shuifonn líon nach lú ná beirt chomhaltaí den Choimisiún ar an gComhairle.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Tá sé mar fheidhm ag an mbuainchoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar thograí foilseacháin de réir critéar réamhshocraithe, agus tuilleadh gnímh a mholadh mar is cú don Choimisiún iomlán. Diúltaíonn an Coimisiún do thogra nó glacann sé leis i bprionsabal. Ba iad seo comhaltaí an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán in 2010: James McGuire (cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer.

Fochoistí

Bunaíodh fochoiste in 2010 chun tuairisciú ar an gceist a bhaineann le stoc leabhar an Choimisiúin a bhí i stóras.

Fochoiste um athbhreithniú ar an stoc leabhar

Bunaíodh an fochoiste sin i Meitheamh 2010 agus thug siad a dtuairisc i Meán Fómhair 2010. Rinne sé anailís mhionsonraithe ar stoc an Choimisiúin atá i stóras ag áis sa Tulach Mhór, i gCo. Uíbh Fhailí. Bhí go leor den stoc seo ann mar gheall ar chinntí leagáide a rinneadh ar rith cló. Le cúig bliana anuas rinneadh athruithe ar bheartas priontála ionas nach ndéanfaí rith cló nach raibh údar maith leo arís. Mhol an fochoiste don Choimisiún go nglacfaí cur chuige ilsraithe lena n-áirítear rogha leabhar a chur chun cinn ar láithreán gréasáin an Choimisiúin agus trí ábhar poiblíochta a nascadh le himeachtaí cothrom lae a bhí ar na bacáin — cosúil le comóradh céad bliain bhunú Chomhairle Aontachtaíthe Ban Uladh in 2011 a nascadh le foilseachán an Choimisiúin *The Minutes of the Ulster Women's Unionist Council and Executive Committee, 1911–40*.


An Fhoireann

Tá fostaí amháin buan ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Chuir Judith Francis cúnaimh riaracháin ar fáil ar bhonn soláthair.

Seirbhísí

Seoladh láithreán gréasáin an Choimisiúin a bhfuil cruth nua air ag deireadh mhí an Mheithimh. Chomh maith le poiblíocht a thabhairt d'fhoilseacháin an Choimisiúin ar bhealach a bhí éasca d'úsáideoirí, tairgeann an suíomh roinnt seirbhísí suntasacha nua.

Is féidir catalóg leabhar an Choimisiúin do 2010-2011, a priontáladh go luath i Meitheamh 2010, a íoslódáil díreach ón láithreán gréasáin. Tá tús curtha ag an gCoimisiún freisin leis an bpróiseas lena chúl-liosta a dhigitiú agus tá na hacmhainní digiteacha sin ar fáil le léamh trí rannán na nEagrán Digiteach den láithreán gréasáin (féach thíos chun tuilleadh sonraí a fháil). Is maith leis an gCoimisiún aiseolas a fháil i gcónaí ó úsáideoirí an láithreáin agus go deimhin ó na daoine a cheannaíonn a chuid foilseachán. In 2010 cuireadh suirbhé úsáideoirí suas ar leathanach baile an Choimisiúin le haiseolas a fháil ar dhigitiú. Déanfaidh



an Coimisiún athbhreithniú ar struchtúr agus ar sheirbhís an láithreáin ghréasáin go rialta agus tá sé i gceist aige leas a bhaint as deiseanna líonraithe sóisialta cosúil le Facebook agus Twitter chun pobail úsáideoirí nua a chothú.

Scaipeadh catalóg foilseachán 2010-2011 ag roinnt comhdhálacha agus trí sheomraí léitheoireachta na Leabharlainne Náisiúnta agus na Cartlainne Náisiúnta, agus ní hamháin gur spreag sé seo feachtas maidir le foilseacháin an Choimisiúin atá ar fáil le díol ach freisin maidir leo sin atá pleanáilte do 2011-12. Lean an Coimisiún lena chuid fógraí in *History Ireland* chomh maith le fógraí a chur i *Family Directory* Fhoras Stairiúil Uladh agus trí thurais ghinealais ar bóthar chuig SAM. Measaimid go bhfuair an Coimisiún suas le leath de na teagmhálaithe nua mar thoradh ar fhógraíocht a dhéanamh sna foinsí sin.

Seirbhís mar chomhiomlánóir náisiúnta — Europeana



Cuireadh seirbhís an Choimisiúin mar Chomhiomlánóir Náisiúnta i bhfeidhm san earrach. Chuir Faireachlann Daonnachtaí Digiteacha Acadamh Ríoga na hÉireann cúnaimh teicniúil ar fáil chun meiteashonraí arna soláthar ag na hinstiúidí cultúrtha a chomhchuihbhiú leis na formáidí a bhíonn ag teastáil ó Europeana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann na Faireachlainne, go háirithe Niall O'Leary agus Bruno Voisin, as an gcúnaimh a thug siad ar feadh 2010. Ba mhaith liom freisin moladh a thabhairt don fhoireann in oifig Europeana agus an doiciméadú soiléir agus gonta ar fáil trí láithreán gréasáin Thionscadal Europeana agus a d'éascaigh go mór gníomhaíocht an chomhiomlánóra.

Eisíodh litreacha foirmiúla in Aibreán 2010 do stiúrthóirí na n-institiúidí cultúrtha náisiúnta ag tabhairt cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach sa treoirthionscadal seo. Chuaigh siad siúd a bhí in ann leas a bhaint as an tseirbhís comhiomlánóra i dteagmháil ar dtús le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus chuir siad tús leis an bpróiseas chun ábhar a sholáthar do Europeana. I measc na n-institiúidí a chuaigh chuig an gCoimisiún le hábhar bhí siad seo a leanas: an Chartlann Náisiúnta (c. 900,000 oibiacht téacs ó Dhaonáireamh ar líne 1911); Cartlann de Cheol Traidisiúnta na hÉireann (42 oibiacht téacs, íomhá agus fuaimne óna gcuid bailiúcháin); Leabharlann Chester Beatty (188 íomhá ón mbailiúchán ealaíne cáiliúil atá acu as an Áise). Chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann meiteashonraí ar fáil dá dhá fhoilseachán dhigitithe. Ní raibh roinnt institiúidí in ann oibriú le comhiomlánóir an Choimisiúin ag an bpointe sin de bhrí go raibh siad ag obair le comhiomlánóirí eile nó bhí siad ar tí a gcuid láithreán gréasáin féin a uasghrádú (rud a chuireann cosc ar rannpháirtíocht). I measc na n-institiúidí a bhain leas iad féin as comhairliúcháin theicniúla le foireann na Faireachlainne maidir le hobair a dhéanamh le Europeana sa toadhchá bhí siad seo a leanas: Músaem Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

Is féidir buille faoi thuairim a thabhairt ar thábhacht an méid atá bainte amach go dtí seo ó na staitisticí a bhaineann le rannpháirtíocht na hÉireann in 2009 agus 2010; i nDeireadh Fómhair 2009 ba inneachar oidhreacht cultúrtha ó institiúidí na hÉireann a bhí i níos lú ná 0.1 faoin gcéad den inneachar go léir ar Europeana; faoi dheireadh 2010 le heisiúint Rhine de shuíomh Europeana; bhí an uimhir sin bailithe suas go dtí 6 faoin gcéad. Déarfainn go bhféadfaí a rá gur éirigh leis an treoirthionscadal ar dhá bhealach: d'ardaigh sé feachtas maidir leis an tionscadal tábhachtach Eorpach seo i measc phobal institiúidí cultúrtha na hÉireann, agus d'ardaigh sé próifíl oidhreacht luachmhar chultúrtha na hÉireann sa timpeallacht chuardaigh ilteangach de Europeana.

Ghabh mé buíochas cheana féin leis an bhFaireachlann agus le lucht pearsanra Europeana as an gcúnaimh a thug siad agus as a bheith chomh hoibleagáideach. Ar

bhealach an-speisialta is cóir buíochas an Choimisiúin agus na ndaoine ar fad a bhain leas as an tionscnamh seo a thabhairt don Dr Cathy Hayes, Riarthóir an Choimisiúin, a d'oibrigh uaireanta fada ionas go bhféadfadh an Coimisiún a ról a chur i gcrích mar chomhiomlánóir náisiúnta agus ag an am céanna an Coimisiún a riar agus breathnú i ndiaidh na n-eagrán go léir go dtí gur foilsíodh iad.

'Eagrán Dhigiteacha' an Choimisiúin

Mar a luadh cheana, tá an Coimisiún i mbun digitithe ar a chúl-liosta foilseachán. De réir mar a dhéanfar digitiú ar theidil, cuirfear ar fáil iad le léamh trí rannán 'Eagrán Dhigiteacha' láithreán gréasáin an Choimisiúin. Is iad an dá theideal atá ar fáil tríd an suíomh faoi láthair eagrán 1943 Charles McNeil de *The Tanner Letters* agus eagrán 1932 Yann Goblet de *A topographical index of the parishes and townlands of Ireland*.

Cé go dtaispeánann an Coimisiún na téacsanna sin mar leathanaigh html i mbogearraí iompú leathanaigh (eagrán 3D), is comhaid CR atá i gceist lena bhformhór agus déantar cuardaigh ar an téacs iomlán. Cé nach bhfuil na hacmhainní ag an gCoimisiún i láthair na huair chun comhéadain ghréasáin a fhorbairt chun leaganacha leasaithe de na téacsanna a chuardach, tá sé toilteanach na comhaid OCR a chur ar fáil do thaighdeoirí a bheadh ag iarraidh iad a phróiseáil ar an mbealach sin.

Measann an Coimisiún go bhfuil digitiú a chúl-liosta mar chuid thábhachtach dá shainchúram seirbhíse poiblí chun rochtain ar na foinsí príomhúla lámhscríbhíne atá caomhnaithe i gcló aige a fheabhsú mar aon le feachtas faoi na foinsí sin.

Foilseacháin

Foilsíodh trí fhéilire mhóra in 2010 agus tá cur síos níos mionsonraithe ar an ábhar atá iontu ina dhiaidh seo. Cé go raibh obair mhór déanta ar roinnt eagrán eile faoi dheireadh na bliana, beidh siad seo a leanas le feiceáil sa chéad chuid de 2011: *Analecta Hibernica 42* (arna chur in eagar ag James Kelly); *The Irish Defence Forces 1940–1949: the annual reports of the Chief of Staff* (arna chur in eagar ag Michael Kennedy agus Victor Laing); *The correspondence of James Ussher, 1600–1656* (arna chur in eagar ag Elizabethanne Boran); *Pauper Limerick: The register of the Limerick House of Industry, 1774–1793* (arna chur in eagar ag David Fleming agus John Logan); agus *Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales* (le A. E. C. W. Spencer, arna chur in eagar ag Mary Daly).

Chartlann Clements

Tugann an fhéilire seo ina bhfuil 868 leathanach, arna chur in eagar ag Anthony Malcomson, féilirí na n-ocht gcuid ar leithligh de chartlann theaghlach Clements, iarlaí Liatroma (ó 1795), le chéile in aon imleabhar amháin, a thagann as foinsí éagsúla agus atá lonnaithe anois i suíomhanna éagsúla den chuid is mó. Tá an chuid is mó den ábhar le fáil laistigh den tréimhse 1750-1850. Is iad na suíomhanna is mó atá faoi chaibidil contaetha an Chabháin, Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Liatroma, agus Cathair Bhaile Átha Cliath.

Tá saibhreas ábhar eastáit sa chartlann agus tarraingítear aird inti ar shlite beatha thriúr de na daoine ba cháiliúla i dteaghlach Clements: Nathaniel Clements (1705–77) as Droim Lócháin, Co. an Chabháin, Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath, agus The Ranger's Lodge, Páirc an Fhionnuisce, oifigeach Státchiste, máistir an mhistéir, ailtire amaitéarach agus baincír ar theip air; a sin-gharmhac, Robert Birmingham, Tiarna Clements (1805-39) as Loch na Reanna, Maothail, Co. Liatroma, MP do Cho. Liatroma laistigh den tréimhse 1826-39, an t-aon dóchas



IMC Digital
Editions




a bhí ag Páirtí na dTírghráthóirí (Irish Whigs) ach nár sheas i bhfad; agus deartháir óg R. B. an Tiarna Clements, William Sydney Clements, 3ú Iarla Liatroma (1806–78) as Loch na Reanna, as Manor Vaughan, Carraig Airt, Co. Dhún na nGall, agus as Cill an Dúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara, ‘an tIarla Dána’ (Wicked Earl) agus tiarna talún dar leis an mbéaloideas ar thaitin cúrsaí gnéis leis, a dúnmharaíodh ar a eastát i gCo. Dhún na nGall in 1878.

Tá trácht níos fearr arís, ar shaol pearsanta agus poiblí a n-athar nach raibh an oiread aithne air in aon chor, Nathaniel Clements, 2ú Iarla Liatroma (1768–1854), fear as Páirtí na dTírghráthóirí a raibh go leor prionsabal agus smaointe aige agus fear dúthrachtach clainne, a mbíodh cúrsaí pearsanta, polaitíochta agus airgeadais ag déanamh inní dó an t-am ar fad. Tá a chomhfhreagras maidir leis an tréimhse c. 1800–c. 1850 lán le heolas faoina theaghlach ag fás aníos, an t-oidreachas a fuair siad, póstaí, slite beatha, tinnis agus cúrsaí eile an tsoil a bhí ag cur isteach ar a chúigear mac agus ar a thriúr iníon, agus an tubaiste a bhuaíl an teaghlach nuair a chlis ar shláinte meabhrach a mhná céile álainn Mary, iníon agus comh-oidhre William Bermingham as Cnoc Rois, An Fhairche, Co. na Gaillimhe.

I measc bhuaicphointí eile na cartlainne tá mórleabhair ghnó mhionsonraithe Nathaniel Clements agus an dara mac a bhí aige, Henry Theophilus, 1728–85, an comhfhreagras bríomhar faoi thoghcháin agus rialtas áitiúil Cho. Liatroma, c. 1780–1852, na fardail troscán agus pictiúr de phríomhshuíochán an teaghlach, Cill an Dúin, Co. Chill Dara, 1807–1856, agus dialanna cripteacha allabhracha 3ú Iarla Liatroma, 1857–72.


Cartlann Conolly



Tá an fhéilire seo, arna chur in eagar ag Patrick Walsh agus Anthony Malcomson, i bhfad níos tarraingtí nuair a smaoiníonn duine go bhfuil páipéir chartlann Conolly scaipthe anois i measc roinnt príomhionad institiúideach in Éirinn, agus cuimsíonn sé c. 15,000 litir agus páipéar idir na dátaí 1570 go 1953. Tagann sé ó theaghlach Conolly as Baile an Chaisleáin, Co. Chill Dara, agus baineann sé go príomha le Liam Conolly (1662–1729), Spéicéir Theach na dTeachtaí in Éirinn (1715–29), ar ceapadh gurbh é an fear ba shaibhre in Éirinn é, lena nia William Conolly óg (1706–54) agus lena shin-nia, Thomas Conolly (1738–1803).

Tá páipéir Conolly i dtaisce i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann, sa Chartlann Náisiúnta agus i gCartlann Ailtireachta na hÉireann; tá roinnt díobh ag daoine próbháideacha freisin. Tugann an féilire seo achoimrí de na páipéir i ngach ceann de na cartlanna seo agus tá na cinn as an Leabharlann Náisiúnta ar fáil anseo den chéad uair.

Féilire na Stát-Pháipéar, Éire, an tréimhse Thúdarach, 1568–1571



Leanann an t-eagrán seo ar aghaidh ó fhéilire 2009 an Dr Bernadette Cunningham, dar teideal *Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1566–1567*. Tá na doiciméid san fhéilire seo á sealbhú sa Chartlann Náisiúnta i Londain (PRO roimhe seo) agus baineann siad leis an mbeartas a bhí ann maidir le hÉirinn agus rialachas na hÉireann i ndeireadh na tréimhse Túdarach. Bhí an tUasal Henry Sidney ina leas-thiarna ar Éirinn ón 20 Eanáir 1566 go dtí Márta 1571 agus ní hamháin go ndéanann na páipéir a bhfuil cuntas orthu anseo trácht ar an rialtas láir, ach nochtann siad freisin sonraí níos teagmhasaí ar shaol agus ar pholaitíocht sna cúigí ag an am. Cé go bhfuil tús áite ag peirspictíochtaí Shasana ar Éirinn sna doiciméid, tá neart foinsí iontu do staraithe ar mian leo díriú ar théamaí a bhaineann le ‘dúchasaigh’ in ionad a bheith ag díriú ar ‘dhaoine a chuir fúthu san áit’.

Lainseálacha

Ar an 15 Samhain 2010, lainseáil Mary Hanafin, T.D., an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, cartlann *The Clements* arna chur in eagar ag Anthony Malcomson agus *Carlann Conolly* arna chur in eagar ag Patrick Walsh agus Anthony Malcomson ag ócáid ar a raibh go leor daoine ag freastal in Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Bhain os cionn 100 duine sult as an méid a bhí le rá ag an Dr Malcomson faoin saothar a bhain le hábhar a chruinniú le chéile atá scaipthe i measc go leor cartlann agus stórtha sa lá atá inniu ann.



Airgeadas

Mar a rinne mé i mblianta roimhe seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuair an Coimisiún in 2010 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta roimhe seo). Murach an deontas i gcabhair a sholáthair an Roinn, ní bheadh an Coimisiún in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an maoiniú bliantúil seo freisin fíorthábhachtach do chlár foilseacháin an Choimisiúin don bhliain dífreach ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom ómós a thabhairt anseo do chomhaltaí an Aonaid um Institiúidí Cultúir sa Roinn a d'oibrigh leis an gCoimisiún thar ceann na roinne ar feadh 2010 go léir, go háirithe Chris Flynn agus Peadar Caffrey. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Roinn arís d'fhonn feidhmeanna an Choimisiúin a chomhdhlúthú mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla do startha agus do chultúir na hÉireann chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an seasamh atá aige mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachta cultúrtha agus taighdeoirí daonnachtaí sa phobal i gcoitinne.

Ba mhaith leis an gCathaoirleach buíochas speisialta a ghabháil as an obair agus an tiomantas atá léirithe ag riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes, ó ceapadh í in 2006 agus go mór mór in 2010.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom athrá a dhéanamh ar rud a dúirt mé cheana i dtuarascálacha roimhe seo: ní fhaigheann comhaltaí an Choimisiúin aon luach saothair as an gcúnamh den scoth a thugann siad dúinn, rud a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seirbhíse seo do chúrsaí léinn agus don stát coinnithe síos tríd na blianta ó bunaíodh an Coimisiún i 1928. Is é an cathaoirleach an t-aon duine a fhaigheann airgead oinigh.

James McGuire
Cathaoirleach
Márta 2011

**Eolas maidir
leis an gcuideachta**

Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Maurice Bric
Nicholas Patrick Canny
David Craig
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Dáibhí Ó Cróinín (Ceaptha 25/03/2010)
Greta Jones (Ceaptha 25/03/2010)
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Aileen McClintock (Ceaptha 25/03/2010)
Deirdre McMahan
Donal Moore (Ceaptha 25/03/2010)
Thomas O'Connor
Ruan O'Donnell
Mary O'Dowd (Ceaptha 25/03/2010)
Jane Ohlmeyer
Fiona Ross (Ceaptha 25/03/2010)

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe na Cuideachta

414351

Uimhir Chláraithe Carthanais

CHY 17206

Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iníúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tuarascáil an Stiúrthóra don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Déanann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais a thíolacadh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010.

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú ar an ngnó agus forbairt sa todhchaí

Ionchorpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus cuireadh tús le gníomhaíochtaí ar an dáta sin.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann foinsí príomhúla lámhscríbhinní a fhoilsiú i gcló agus ar líne ar mhaithe le stair agus cultúr na hÉireann. Ní fhéadfaí na foinsí sin a fhoilsiú murach sin de bhrí nach bhfuil aon bhunús tráchtála acu. Mar chomhlacht poiblí gníomhaíonn an Coimisiún freisin mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, maidir le cúrsaí a bhaineann le foinsí príomhúla tríd is tríd agus cuireann sé chun cinn feasacht phoiblí agus institiúide maidir lena dtábhacht.

Athbhreithniú ar an ngnó

In 2008 d'fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a Phlean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2008–2011. Tugtar cuntas sa phlean ar fhís an Choimisiúin maidir le feasacht faoi ábhar foinsí príomhúla a thabhairt maidir le startha, cultúir agus oidhreacht na hÉireann agus go deimhin rochtain ar an ábhar sin. Aithníodh tosaíochtaí straitéiseacha sa phlean atá bunaithe orthu seo a leanas: feasacht agus rochtain ar fhoinsí príomhúla; leanúint ag gníomhú mar shainchomhairleoir ar shaincheisteanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus foinsí príomhúla tríd is tríd; agus a chúl-liosta a dhigitiú agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha a cruthaíodh.

Forbairt sa todhchaí

Leanfaidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ag cur a chuid acmhainní ar fáil chun foinsí príomhúla lámhscríbhinní a fhoilsiú. Leanfaidh sé freisin ag cur caomhnú foinsí príomhúla as gach tréimhse chun cinn, agus go háirithe chun feasacht phoiblí a ardú faoin ngá atá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú de bhrí go mbeidh siad seo amach anseo mar fhoinsí príomhúla ag staraithe a bheidh ag obair ar an aonú céad is fiche. Ag teacht lena shainchúram sa tseirbhís phoiblí cuirfidh an Coimisiún teicneolaíochtaí nua-aimseartha ag obair chun eagrán leictreonacha dá chúl-liosta a chur ar fáil trína láithreán gréasáin agus tairsí oidhreachta cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfear foilseacháin an Choimisiúin nach bhfuil i gcló níos mó ar fáil d'úsáideoirí, in Éirinn agus níos faide ó bhaile, agus déanfar é sin saor in aisce.

Torthaí

Ba é an barrachas don bhliain i ndiaidh soláthar a dhéanamh do dhímheas ná €74,181. (2009 — €47,497). Tá sé i gceist ag na stiúrthóirí an barrachas sin a choimeád chun tionscail don todhchaí a mhaoiniú sna blianta amach romhainn.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní
na hÉireann Teoranta
*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig
2010*

Staid Gnóthaí

Is é tuairim na stiúrthóirí, go bhfuil staid gnóthaí na cuideachta sásúil agus nár tháinig aon athrú ábhartha ó dháta an chláir comhardaithe.

Stiúrthóirí agus a gcuid Leasanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl aon scairchaipiteal aici. Tugann gach comhalta den chuideachta gealltanas go gcuirfidh siad le sócmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfar foirceannadh ar an gcuideachta le linn dó/di a bheith ina chomhalta nó taobh istigh de bhliain amháin tar éis dó/di stopadh de bheith ina chomhalta, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta atá ar chonradh roimh dó/di scor ó bheith ina chomhalta, agus costais, muirir agus caiteachas an fhoirceanta, agus chun coigeartú a dhéanamh ar chearta na ranníocóirí eatarthu féin, cibé méid is gá, nach mó ná aon Euro amháin.

Beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cúig bliana ar a mhéid agus beidh sé/sí i dteideal le haghaidh athcheaptha tar éis an ama sin. Is i gcáil dheonach a fhónann gach stiúrthóir.

Ranníocaíochtaí Polaitiúla

Níor thug an chuideachta aon síntiús polaitíochta le linn na bliana.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léiriú fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Agus iad á n-ullmhú, iarrtar ar na stiúrthóirí iad seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád a léiríonn go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as cosaint sócmhainní na cuideachta agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Leabhair Chuntais

Ar na bearta a ghlacann na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Alt 202, d'Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chuntais chuí cuireann siad beartais agus nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm chun idirbhearta a thairfeadh, chun lucht pearsanra cuntasafóchta atá inniúil a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní iomchuí a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntais ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann maoiniú leanúnach a fháil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go dtí Márta 2010) agus an cónascadh atá beartaithe ar an gCartlann Náisiúnta agus ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann go dtí an Leabharlann Náisiúnta. Fuair an Coimisiún buiséad bliantúil go dtí seo a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram a chomhlíonadh maidir le foilsiú, ach ar ndóigh meabhraítear dóibh sna cúinsí eacnamaíochta reatha go bhfuil baol i gcónaí ann maidir le maoiniú imleor a bheith ar fáil. Ag an bpointe seo níltear cinnte cén éifeacht a bheidh ag an gcónascadh atá beartaithe ar an gCoimisiún go dtí struchtúr níos mó ar a oibríocht, ach creidtear go ndéanfar ról an Choimisiúin mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsiú foinsí príomhúla lámhscríbhinní a chothú sna socruithe nua.

Iniúcháirí

Léirigh na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, a dtoilteanas leanúint in oifig i gcomhréir le forálacha Alt 160 (2) de Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
2 Márta 2011

Michael Kennedy
Stiúrthóir
2 March 2011

Tuarascáil na nIníúchóirí Neamhspleácha

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2010 ar leathanaigh 20 go 26, lena gcuimsítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí gaolmhara. Rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir na mbeartas cuntasafóchta atá leagtha amach ar leathanach 23.

Tá an tuarascáil seo le haghaidh chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go mbeimid in ann na saincheisteanna a bhfuil sé mar dhualgas orainn a lua le comhaltaí na cuideachta i dtuarascáil iniúchára agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid ná ní bheimid freagrach d'aon duine eile seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as an obair iniúchta, chomh fada agus a cheadaíonn an dlí dúinn, i gcás na tuarascála seo, nó i gcás na dtuairimí atá bunaithe againn.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

De réir mar atá curtha síos air i leathanaigh 13–15 tá stiúrthóirí na cuideachtaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí lena mbaineann agus an Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Is í ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn).

Déanaimid ár dtuairim a thuairisciú daoibh maidir le cé acu an dtugtar nó nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir an Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn agus maidir le cé acu an bhfuil siad nó nach bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Déanaimid ár dtuairim a thuairisciú daoibh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chuí cuntas á gcoimeád ag an gcuideachta; agus maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, tuairiscimid freisin cibé acu an bhfuairamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe na cuideachta mar aon lena cuntas brabúis agus cailteanais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscimid do na comhaltaí ár dtuairim cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis ar bith atá sonraithe sa dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus maidir le hidirbhearta na stiúrthóirí gan a bheith notha agus, más ábhartha, déanaimid faisnéis dá leithéid a chur san áireamh lenár dtuarascáil. Léamar an fhaisnéis eile atá ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus rinneamar breithniú ar cibé acu an raibh nó nach raibh sí ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Níl san áireamh leis an bhfaisnéis eile ach Tuarascáil na Stiúrthóirí. Rinneamar breithniú ar an tionchar a bheidh ag ár dtuarascáil má thagaimid ar aon mhírátis nó aon neamhrialtachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní leathnóidh ár gcuid freagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

**Tuarascáil na nIniúcháirí
Neamhspleácha
chuig comhaltaí Choimisiún
Lámhscríbhinní na hÉireann
Teoranta**

Bunús na tuairime

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta Idirnáisiúta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Tá measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráiteas airgeadais á n-ullmhú san áireamh chomh maith, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí d'ímthoscaí na cuideachta, an bhfeidhmítear nó nach bhfeidhmítear go comhsheasmhach iad agus cibé acu an nochtar nó nach nochtar go dóthanach iad.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán agus a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í ár dtuairim go bhfuil an méid seo a leanas fíor i leith na ráiteas airgeadais:

- tugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2010 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch amhlaidh: agus
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Is í ár dtuairim go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig, 2010 agus ar a brabús don bhliain dar chríoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn. Táimid den tuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeáda ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 13–15 ag teacht leis na ráitis airgeadais.


**84 BótharNorthumberland
Draichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4**

3 Márta 2011

**Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe**

of Queen Elizabeth
a good ship, a Lord of the
from Winds, from Waves
celestial Angels spread
us, O King, through the
the roaring of the air
its furious blasts the
the fierce vernal winds
putting dangers of you
to leave Fenwick's

Cuntais Iniúchta



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	Oibriúcháin leanúnacha	
		2010 €	2009 €
Ioncam – Díolacháin Leabhar	2	23,906	22,977
Dleachtanna		189	300
Costas Tionscadail na ndíolachán		(60,424)	(80,641)
Oibríoch (easnamh)		<u>(36,329)</u>	<u>(57,364)</u>
Deontais na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	3		
— Deontas Bliantúil		260,000	260,000
— Deontas Iarchurtha scaoilte		7,979	—
— An Comhiomlánóir Náisiúnta		23,650	—
Deontas PRONI		—	7,227
Speansais riaracháin		(73,913)	(80,845)
Speansais Eagarthóireachta & Foilsitheoireachta		(79,212)	(52,504)
Speansais Oifige		(28,476)	(31,801)
Barrachas don bhliain	4	<u>73,699</u>	<u>44,713</u>
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil		<u>482</u>	<u>2,784</u>
Barrachas coimeádta don bhliain	12	<u><u>74,181</u></u>	<u><u>47,497</u></u>

Ní aithnítear gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas an barrachas i leith an dá bhliain airgeadais thuas.

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais an 2 Márta 2011 agus rinneadh iad a shíniú thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Michael Kennedy
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2010

An Choimisiún Lamhscríbhinní na hEireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal Aici

			2010 €	2009 €
Nótaí				
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní inláimhsithe	7		5,518	11,375
Sócmhainní Reatha				
Stoic	8	34,320	51,517	
Féichiúnaithe	9	12,867	11,634	
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>354,945</u>	<u>254,802</u>	
		<u>402,132</u>	<u>317,953</u>	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite				
laistigh d'aon bhliain amháin	10	(34,022)	(21,902)	
Ioncam iarchurtha	11	<u>(36,490)</u>	<u>(44,469)</u>	
		<u>(70,512)</u>	<u>(66,371)</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>331,620</u>	<u>251,582</u>
Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha			<u>337,138</u>	<u>262,957</u>
Caipiteal agus Cúlchistí				
Ranníocaíocht Chaipitil	12		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12		<u>182,307</u>	<u>108,126</u>
Cistí	13		<u>337,138</u>	<u>262,957</u>

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais an 2 Márta 2011 agus rinneadh iad a shíniú thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
Director

Michael Kennedy
Stiúrthóir
Director

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	2010	2009
	€	€
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	73,699	44,713
Dímheas	5,857	5,857
Laghdú / (Méadú) ar stoic	17,197	(16,941)
(Méadú) /Laghdú ar fhéichiúnaithe	(1,233)	30,460
Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe	12,120	(5,719)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>107,640</u>	<u>58,370</u>
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	107,640	58,370
Aischuir ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas	482	2,784
Caiteachas caipitiúil	—	(1,393)
Ioncam Iarchurtha	<u>(7,979)</u>	<u>44,469</u>
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	<u>100,143</u>	<u>104,230</u>
Réiteach an ghlan-sreafa airgid le gluaiseacht i nglanchistí		
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	100,143	104,230
Cistí glana amhail an 1 Eanáir 2010	<u>254,802</u>	<u>150,572</u>
Cistí glana amhail an 31 Nollaig 2010	<u>354,945</u>	<u>254,802</u>

NÓTAÍ ATÁ INA gCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí atá ina gcuid de na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Bunús an ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo i gcoitianta in Éirinn agus leis na reachtanna Éireannacha lena gcuimsítear Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2009. Is ionann iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú sa chaoi agus go gcuirtear léargas fíorcheart ar fáil agus na cinn a fhoilsíonn Cuntasóirí Cairte Éireann agus a bhíonn á n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

1.2. Ioncam

Is ionann an t-ioncam agus an t-ioncam iomlán sa bhliain a fuarthas as leabhair a dhíol.

1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímbheas

Tá foráil déanta do dhímheas de réir na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas lúide luach iarmharach gach sócmhainne a dhíscríobh thar thréimhse a saolré fhónta ar bhonn na líne díri, mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%

Déantar luachanna iasachta na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú ar bhonn bliantúil maidir le bearnú i dtréimhsí sa chás go meastar nach mbeidh an luach iompair in-aisghabhála mar gheall ar imeachtaí nó athruithe ar imthosca.

1.4. Stoc

Déantar stoic leabhar a luacháil ag leibhéal níos ísle an chostais agus an ghlanluacha inréadaithe. Ós rud é go bhfoilsítear méid díolacháin na leabhar ag a leibhéal is airde sa dá bhliain tosaigh i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach amháin na leabhair arna bhfoilsíú laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh le luach an stoic. Tá foráil déanta d'fhuilleach na stoc leabhar ar an mbonn go mbíonn fanacht ann sula n-éirítear iad a dhíol nó go bhfuil siad dultha as feidhm.

1.5. Pinsin

Is ionann na costais pinsean a gearradh sna ráitis airgeadais agus an rannfócaíocht infóicta ag an gcuideachta i rith na bliana.

Gearrtar an costas rialta a bhaineann le soláthar pinsean scoir agus sochar gaolmhar don chuntas ioncaim agus caiteachais thar ré seirbhíse na bhfostaithe ar bhonn de chéatadán leanúnach tuillimh.

1.6. Cánachas

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanachta. (Uimhir Chánach na Carthanachta: 17206)

1.7. Deontais Rialtais

Scaoiltear deontais i leith an chaiteachais chaipitiúil don chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré fhónta ionchais na sócmhainní. Scaoiltear deontais i leith an chaiteachais chaipitiúil don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

2. Ioncam

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta i leith na bliana óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

3. Deontais na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt

	2010 €	2009 €
Deontas Bliantúil	260,000	260,000
Deontais aon-uair maidir le tionscadail faoi leith	23,650	44,469
Deontas iarchurtha (Nóta 11)	—	(44,469)
Deontas iarchurtha arna scaoileadh (Nóta 11)	7,979	—
	<u>291,629</u>	<u>260,000</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann deontais rialtais a fuarthas a aisíoc mura mbaintear úsáid as an deontas chun na críche lenar cuireadh ar fáil é.

4. Barrachas don bhliain

	2010	2009
	€	€
Sonraítear an barrachas don bhliain i ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh:		
Sócmhainní inláimhsithe a dhímheas	5,857	5,857
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Luach saothair na n-iniúcháirí	4,079	4,072
	<u> </u>	<u> </u>

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Bhí meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana mar seo a leanas:

	2010	2009
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe	2	2
(An Riarthóir agus an Cathaoirleach san áireamh)	<u> </u>	<u> </u>

Déantar costais na foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2010	2009
	€	€
Tuarastail	70,281	60,811
Pinsin	(5,464)	(5,884)
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Costais Leasa Shóisialaigh	7,799	7,645
	<u> </u>	<u> </u>
	<u>94,044</u>	<u>84,840</u>

6. Costais Phinsin

B'ionann na costais phinsin agus €5,464 (2009 — €5,884).

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & feistithe	Iomlán
	€	€
Costas		
Amhail an 1 Eanáir 2010	29,286	29,286
Amhail an 1 Nollaig 2010	<u>29,286</u>	<u>29,286</u>
Dímheas		
Amhail an 1 Eanáir 2010	17,911	17,911
Gearradh don bhliain	5,857	5,857
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>23,768</u>	<u>23,768</u>
Glanluachanna leabhar		
Amhail an 31 Nollaig 2010	5,518	5,518
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>11,375</u>	<u>11,375</u>

Rinneadh an chuideachta a ionchorprú an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas di arbh fhiú €48,710. Luaitear luach ainmiúil €1 i leith na sócmhainní seo sna breiseanna thuas.

8. Stoic

	2010	2009
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	<u>34,320</u>	<u>51,517</u>

Rinneadh stóic leabhar a luacháil ag leibhéal níos ísle an chostais agus an luacha inréadaithe.

9. Féichiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain

	2010 €	2009 €
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhráithe	<u>12,867</u>	<u>11,634</u>

10. Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain

	2010 €	2009 €
Cánacha eile agus costais leasa shóisialaigh – ÍMAT/ÁSPC	6,148	24
Creidiúnaithe eile	-	1,810
Fabhruithe	<u>27,874</u>	<u>20,068</u>
	<u>34,022</u>	<u>21,902</u>

11. Ioncam iarchurtha

	2010 €	2009 €
Deontais Rialtais		
Amhail an 1 Eanáir 2010	44,469	—
Méadú sa bhliain	—	<u>44,469</u>
	<u>44,469</u>	<u>44,469</u>
Scaoilte sa bhliain	<u>(7,979)</u>	—
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>36,490</u>	<u>44,469</u>

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas maidir le tionscadail chun leabhair a fhoilsiú. Níor tugadh na tionscadail seo chun críche faoi dheireadh na bliana.

12. Cúlchistí Cothromais

	Cuntas brabúis agus cailteanais €	Caipiteal Ranníocaíocht €	Iomlán €
Amhail an 1 Eanáir 2010	108,126	154,831	262,957
Barrachas coimeádta don bhliain	<u>74,181</u>	<u>-</u>	<u>74,181</u>
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>182,307</u>	<u>154,831</u>	<u>337,138</u>

13. Réiteach ar ghluaiseachtaí i gcistí

	2010 €	2009 €
Barrachas don bhliain	74,181	47,497
Cistí scairshealbhóirí tosaigh	<u>262,957</u>	<u>215,460</u>
	<u>337,138</u>	<u>262,957</u>

Ranníocaíocht Chaipitil

Rinneadh an chuideachta a ionchorprú an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann €130,730 d'airgead tirim agus stoc leabhar dar luach €24,100 mar bhronntanas di. Tugadh troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas fosta agus cuireadh san áireamh iad sna ráitis airgeadais agus luach ainmniúil €1 luaite leo. Is ionann é seo agus ranníocaíocht chaipitil iomlán dar luach €154,830.

Mar gheall ar chineál na leabhar a fhoilsítear, tá na stiúrthóirí den tuairim go mbíonn díolacháin na leabhar ag a leibhéil is airde sa dá bhliain tosaigh i ndiaidh dháta a bhfoilsithe. Ar an ábhar sin, tá siad den tuairim nár cheart ach amháin leabhair a foilsíodh laistigh de dá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh le ranníocaíocht chaipitil as na leabhair a tugadh don chuideachta. Tá foráil déanta d'fhuilleach na stoc leabhar ar an mbonn go mbíonn fanacht ann sula n-éirítear iad a dhíol nó go bhfuil siad dultha as feidhm.

14. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Tugtar aisíoc do stiúrthóirí as aon speansas a thabhaítear agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Faigheann an Cathaoirleach airgead oinigh i leith na bliana dar luach €10,500. Níor tharla aon idirbhearta páirtithe gaolmhara eile i rith na bliana. D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh cíós infoctha as spás oifige a úsáid.

15. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta rialaithe ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

16. Na ráitis airgeadais a fhaomhadh

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais an 2 Márta 2011 agus rinneadh iad a shíniú thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Michael Kennedy
Stiúrthóir

AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTACHT FUINNIMH 2010

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010

Roinneann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) cóiríocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar roinnt 20:80 idir an CLÉ:CAÉ de réir áitiú spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh an CLÉ le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilsiú agus cumhacht (arna soláthar ag Airtricity) agus seirbhís uisce (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

In 2010, rinne Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 41 MWh d'fhuinneamh a úsáid, lenar cuimsíodh:

- 18 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhoirgnimh atá cothrom le 90 MWh)
- 31 MWh de bhreoslaí iontaise (i. gás nádúrtha) (20% d'úsáid iomlán an fhoirgnimh atá cothrom le 156 MWh)
- Baineann 12 MWh den 18 MWh de leictreachas le breoslaí in-athnuaite.¹

Ríomhtar muirir uisce de réir chóimheas 20:80. I rith 2010, baineadh leas as 141 méadar chiúbacha d'uisce *san fhoirgneamh iomlán*.

Feidhmíocht Fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus feidhmíonn an oifig chomh héifeachtaí agus is féidir ó thaobh úsáid fuinnimh de faoi réir ag na constaicí a ghabhann le lonnaíocht i bhfoirgneamh Seoirseach athchóirithe.

¹ Bunaithe ar fhaisnéis bhilleála Airtricity ina sonraítear “Airtricity is the leading Renewable Energy supplier in Ireland. According to the most recent fuel mix disclosure, published by the Regulatory Authorities [Commission for Energy Regulation] for 2009, 66% of Airtricity's electricity in the Republic of Ireland came from renewable sources”.